CINNEADH (AE) 2022/2249 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 9 Samhain 2022

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2022/911 maidir le téarmaí agus coinníollacha TARGET-BCE *(BCE/2022/38)*

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc agus an ceathrú fleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 3.1 agus Airteagail 17, 22 agus 23 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 24 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/8) ([1]), lena bhforáiltear maidir le tús a chur le hoibríochtaí maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna ón 21 Samhain 2022.

(2) Tar éis Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) a ghlacadh, ghlac an Bord Feidhmiúcháin an 19 Aibreán 2022 Cinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/22) ([2])chun athruithe ar théarmaí agus ar choinníollacha chóras comhpháirte TARGET2 an Bhainc Ceannais Eorpaigh (TARGET2-BCE) a chur chun feidhme, agus chun Chinneadh BCE/2007/7 ón mBanc Ceannais Eorpach ([3]) a aisghairm.

(3) Chinn an Chomhairle Rialaithe an 20 Deireadh Fómhair 2022 tús oibríochtaí TARGET a athsceidealú le tosú ón 20 Márta 2023 toisc gur gá níos mó ama a thabhairt d'úsáideoirí a dtástáil ar an ardán teicniúil nua a chur i gcrích i dtimpeallacht chobhsaí, agus cineál sistéamach TARGET á chur san áireamh.

(4) An 9 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne (AE) 2022/2250 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/39) ([4]), lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 (BCE/2022/8) chun an dáta nua le haghaidh tús a chur le hoibríochtaí TARGET a léiriú.

(5) Is gá, dá bhrí sin, coigeartuithe comhfhreagracha ar Chinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22) a chur chun feidhme, ar cheart feidhm a bheith aige ón 20 Márta 2023. Ba cheart go leanfadh Cinneadh BCE/2007/7 d'fheidhm a bheith aige go dtí an dáta sin.

(6) Chun ailíniú le forálacha Threoirlíne (AE) 2022/2250 (BCE/2022/39) a áirithiú, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm gan mhoill agus feidhm a bheith aige ón 21 Samhain 2022.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2022/911 (BCE/2022/22) a leasú dá réir sin,

([1]) Treoirlíne (AE) 2022/912 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Feabhra 2022 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna agus lena n-aisghairtear Treoirlíne 2013/47/AE (BCE/2012/27) (BCE/2022/8) (IO L 163, 17.6.2022, lch. 84).

([2]) Cinneadh (AE) 2022/911 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Aibreán 2022 lena nglactar rialacha cur chun feidhme maidir le cosaint sonraí ag an mBanc Ceannais Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh BCE/2007/7 (BCE/2022/22) (IO L 163, 17.6.2022, lch.1).

([3]) Cinneadh BCE/2007/7 ón mBanc Ceannais Eorpach an 24 Iúil 2007 maidir le téarmaí agus coinníollacha TARGET2-BCE (IO L 237, 8.9.2007, lch. 71).

([4]) Treoirlíne (AE) 2022/2250 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Samhain 2022 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2022/912 maidir le hUathchóras Mearaistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) nua giniúna (BCE/2022/8) (BCE/2022/39) (féach leathanach 50 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh 2022/911 (BCE/2022/22) mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

   "*Airteagal 4*

   Cinneadh BCE/2007/7 a aisghairm

   Aisghairtear Cinneadh BCE/2007/7 le héifeacht ón 20 Márta 2023."

2. in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:
   "Beidh feidhm aige ón 20 Márta 2023.,"

3. in Iarscríbhinn I, Cuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 35:
   "1. These Conditions become effective from 20 March 2023.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 18 Samhain 2022.

Beidh feidhm aige ón 21 Samhain 2022.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 9 Samhain 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE